C/2025/6582

10.12.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2025/6582)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’

Uimh. AE: PGI-FI-02907 — 4.4.2023

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm (nó ainmneacha) an TGFC**

‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Fhionlainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

Cód Ainmníochta Comhcheangailte

11 - TÁIRGÍ AN TIONSCAIL MHUILLEOIREACHTA; BRAICH; STÁIRSÍ; IONÚILIN; GLÚTAN CRUITHNEACHTA

1103 - Piocuaran, min agus millíní ó ghránaigh

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is táirge gránaigh é ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’ atá déanta as gránaigh a bhruitear agus a róstar san oigheann agus a dhéantar a mheilt ina bpúdar garbh. Is iad gráinní eorna (*Hordeum vulgare*) nó gráinní eorna agus coirce (*Avena sativa*) measctha a phríomh-chomhábhar amh.

Féadfar salann a chur isteach le linn an ullmhúcháin.

Is táirge gránaigh é ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’ arb é is saintréith dó:

— uigeacht gharbh an táirge gránaigh

— boladh gráin rósta

— blas gráin rósta

— dath donn an ghráin rósta.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tá an táirge seo difriúil le cineálacha eile talkkuna sa mhéid go bhfuil dath níos dorcha air agus go bhfuil sé meilte go garbh. Tá dea-chobhsaíocht seilfré ina saintréith ag an táirge a bhuí lena phróiseas monaraíochta ilchéimneach.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is iad céimeanna táirgthe an táirge gránaigh 'Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna' nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe cócaireacht, triomú agus róstadh, muilleáil na ngráinní eorna agus/nó coirce agus iad a chur i sacéadach.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is éard atá i limistéar geografach an táirge gránaigh 'Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna' cúigí Savo Thuaidh agus Savo Theas.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an tásc geografach faoi chosaint 'Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna' bunaithe ar a cháil mar tháirge gránaigh traidisiúnta de chuid Savo, táirge arb é a dhath dorcha agus a uigeacht gharbh a fhágann go bhfuil sé difriúil le táirgí eile.

Déantar gráinní eorna iomlána nó gráinní eorna agus coirce measctha a bhruith go mbíonn siad leathchócaráilte nó go scoilteann siad. Tar éis cócaireachta, déantar na gráinní a scagadh. Cuirtear na gráinní isteach in oigheann ansin lena dtriomú agus críochnaítear iad ag 250 °C go 280 °C. Ansin, cuirtear na gráinní triomaithe i saic a úsáidtear in oibríochtaí muilleála tráchtála agus stóráiltear na saic agus iad ag fanacht lena meilt. Ar deireadh, déantar na gráinní a mheilt ina bplúr garbh ar saintréith dó nach mbailíonn sé le chéile. Bíonn 'Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna' a thagann as sin lánchócaráilte agus réidh lena úsáid mar atá sé. Féadfar salann a chur isteach le linn an ullmhúcháin.

D'fhorbair 'Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna' ó mhiasa plúir bhunúsaigh, a ullmhaíodh na céadta bliain ó shin mar bhia tirim le haghaidh turais agus fiú feachtais mhíleata. Sheasadh an gránach cothaitheach go maith, agus bhí sé áisiúil agus éadrom le hiompar mar tháirge gránaigh aibí ar thurais fhada dhiana i limistéar lochanna foraoisithe fairsing réigiún Savo. Tá sé le haithint ar ainm talkkuna go bhfuil bunús san oirthear ag gabháil leis. Is ar iasacht ó theanga fhinte eachaíochta na hÁise a fuarthas 'talkkuna' *(tolokno* sa Rúisis) agus tháinig sé isteach san Fhionlainnis faoin gcló sin.

I dtaca le bianna gránachbhunaithe, is sine ná an t-arán iad bianna ar nós leitean amhail talkkuna a mheasctar le huisce. In Savo, mheasctaí plúr talkkuna le huisce, mar shampla, nó dhéantaí é a bhruith isteach i leite thiubh a bhféadtaí í a ithe leis na méara, ar a dtugtaí *keittotalkkuna* [talkkuna cócaráilte] nó *kopratalkkuna* [talkkuna 'láimhe'].

I leabhar Ernst Lampén *Savo ja savolaiset* ['Savo agus muintir Savo'] (1935), rinne sé cur síos ar an táirge gránaigh 'Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna' mar a leanas:

'Luaitear talkkuna i ngach tuairisc. Deir siad nuair a théadh muintir Savo chun oibre san fhoraois, thugaidís leo mála plúir talkkuna. Nuair a bhíodh sé in am iad a ithe, dhéanaidís uisce a dhoirteadh isteach ina mbabhlaí, mheascaidís plúr talkkuna agus salann isteach, agus luídís isteach ar an leite sin le fonn.'

In Savo, déantar talkkuna go traidisiúnta i mí Dheireadh Fómhair tar éis Lá Fhéile Michíl. Ní úsáidtí ach na gráinní eorna agus/nó coirce is fearr le haghaidh an táirge gránaigh 'Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna'. Dhéantaí iad a bhruith i gcoire níocháin, a chur i gciseáin adhmaid scagacháin chun iad a scagadh agus a bhácáil in oigheann. Dhéantaí na gráinní triomaithe a mheilt le clocha cearnacha nó i muileann.

Triomaítear ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’ in oigheann. In Savo, dhéantaí an t-oigheann saoirseachta a théamh go laethúil agus go seachtainiúil go traidisiúnta chun críoch cócaireachta, rud atá tipiciúil go háirithe de thraidisiún cócaireachta thoir na Fionlainne. Is táirge gránaigh é talkkuna a bhfuil dea-chobhsaíocht seilfré ina shaintréith aige a bhuí lena phróiseas monaraíochta ilchéimneach. Má choimeádtar an táirge tirim, fionnuar agus cosanta ar bholaithe láidre, is féidir é a stóráil ar feadh suas le 2 bhliain.

Is é an leite an bia is coitianta a dhéantar as an meascán gráin sin in Savo. Go traidisiúnta, thagadh *tirripaisti* [muiceoil ghalstofa] in éineacht le leite a dhéantar as an táirge gránaigh ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’, toisc gur dea-mheascán blasanna iad gránaigh the agus muiceoil. Tógtar an leite le cnapán ime freisin. Tá ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’ oiriúnach mar sin do mhilseoga, le caora mar shampla, freisin.

In Savo, mheasctaí plúr talkkuna, mar shampla, le huisce go lom, nó dhéantaí é a fhiuchadh isteach i leite thiubh a bhféadtaí í a ithe leis na méara, ar a dtugtaí *keittotalkkuna* [talkkuna cócaráilte]. Tá ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’ beartaithe don chineál sin cócaireachta go díreach agus, dá bhrí sin, tá sé éagsúil le talkkuna Iarthar na Fionlainne nó Häme, a dhéantar a mheilt ar bhealach níos míne agus a itear, mar shampla, *piimä* [bláthach] nó *viili* [táirge bainne coipthe]. Chomh maith leis sin is léir na difríochtaí i dtaca le dath agus le huigeacht idir an táirge gránaigh ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’ agus talkkuna Häme agus tá siad soiléir don tsúil. Tá dath níos dorcha ar ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’ agus is gairbhe é ó thaobh uigeachta de ná talkkuna Häme.

I mbliainleabhar Chumann Turasóireachta na Fionlainne ó 1926, déantar cur síos ar an difríocht idir talkkunas Savo agus Häme:

‘Tógann duine as Savo a talkkuna i bhfoirm thirim ghreamaitheach, ionas gur féidir leis é a ithe ó chuas a láimhe. Sin é an fáth gur *nävgröt* a thugann na Sualannaigh in Värmland agus na hIoruaigh air, nó “leite an doirn”. In Häme, áit a dtáirgtear freisin talkkuna, tógtar é fuar i mbláthach. Déantar Savolainen talkkuna a chócaráil áfach. Mar sin, tá difríocht anseo freisin idir an dá fhine chomharsanacha sin!’

Is iad eorna agus coirce amhábhair thipiciúla an táirge gránaigh ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’, iad an-oiriúnach ó thaobh na haeráide de lena saothrú in Savo, agus fágadh gurbh iad príomh-amhábhair talkkuna.

Bhí cáil ar ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’ lasmuigh de theorainneacha Savo freisin. Na Fionlannaigh a d’aistrigh go Värmland i lár na Sualainne ag deireadh an 16ú haois agus sa 17ú haois, ba fheirmeoirí teasc is dó den chuid is mó iad, as Savo. Leath ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’ go Värmland chomh maith le hinimirce Savo.

Eagraíonn Cumann Savo na Mac Léinn in Ollscoil Heilsincí féile bhliantúil talkkuna, *talkkunajuhla*, ar lena linn a itheann slua mór talkkuna agus *tirripaisti*. Tá traidisiún fada ag féile talkkuna. Itheadh talkkuna den chéad uair ag féile talkkuna chomh luath le 1887. Is eagraíocht mac léinn é Cumann Savo na Mac Léinn in Ollscoil Heilsincí a thugann le chéile mic léinn ó dhisciplíní éagsúla a thagann ó Savo nó a bhfuil nasc acu le Savo. Dá bhrí sin, is eagraíocht mac léinn í sin atá dea-shainithe ó thaobh na réigiún de, eagraíocht inar follasach é ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’ agus a bhunús in Savo. Is comhlachais idirdhisciplíneacha d’ollscoileanna iad Cumainn na Mac Léinn inarb é a thugann le chéile iad naisc leis an limistéar geografach céanna, amhail Savo, i gcás Cumann Savo na Mac Léinn. Dá bhrí sin, roimhe seo, nuair a chuireadh Cumann Savo na Mac Léinn talkkuna ar fáil mar mhias cheiliúrtha, níor ghá tagairt shonrach a dhéanamh do Savo in ainm na méise, toisc gur léir cheana gur Savolainen talkunna a bhí ann mar gheall ar an nasc agus an bealach chun é a chur ar fáil. I dtreoirleabhar na bhfreisear le haghaidh 2023, tá foclóir Savo-Fionlainnis ina sainmhínítear an focal ‘Talakkunat’ mar a leanas: ‘Cóisir bhliantúil ina mbíonn stealladh *piimä* agus siosarnach *tirripaisti*. Reáchtáiltear *Talakkunat* i mí na Samhna agus is é an dara cóisir bhliantúil is mó de chuid Chumann Savo na Mac Léinn é. Is é iad na *Kapitulj* rúnda [grúpa eagraithe cóisire] a óstálann an seó. Níos déanaí i dtreoirleabhar na bhfreisear, i bhféilire na n-imeachtaí cuirtear síos ar *Talakkunat* mar chóisir dhiamhair, an dara cóisir is tábhachtaí de chuid Chumann Savo na Mac Kéinn. Sa chóisir, tógann na mic léinn isteach seó *Kapitulj* agus alpann siad leite talakkuna in éineacht le *tirripaisti*.

Tá Savolainen talkkuna fós ina tháirge suimiúil ilfheidhmeach in oidis nua-aimseartha. Ar a shuíomh gréasáin Rantalan tila [feirm Rantala], foilsíodh leabhrán oideas dar teideal *Savolaisen talkkunan uudet kujeet* [‘Bealaí nua le Savolainen talkkuna’], ina bhfuil oidis éagsúla ina n-úsáidtear Savolainen talkkuna mar chomhábhar. Mar shampla, cuireann an leabhrán oideas smaointe ar fáil maidir le milseoga, miasa veigeatóracha nó miasa éisc trí úsáid a bhaint as talkkuna.

Ina theannta sin, sa roinn oideas ‘Ateria luonnon antimista’ [‘Béile ó raidhse an dúlra’] den leabhar *Herkutellen Savossa* [‘Bia a ithe in Savo’] (2012) tá oideas le haghaidh ‘Talkkunainen marjarahka’, milseog a dhéantar le talkkuna, caora agus cuarc, ina n-úsáidtear Savolainen talkkuna mar chomhábhar. Sa lá atá inniu ann, úsáidtear Savolainen talkkuna mar chomhábhar in oidis milseog freisin.

Déantar an táirge gránaigh ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’ a mhargú go gníomhach ní hamháin ag miondíoltóirí ach ag aontaí bia agus imeachtaí tomhaltóirí freisin. Bhí an táirge le feiceáil ag na himeachtaí seo a leanas, i measc imeachtaí eile: Erämessut Ouluhalli, an 16 go dtí an 18 Bealtaine 2025; Margadh Nollag Airéine Joensuu, an 6 go dtí an 8 Nollaig 2024; Blas Savo ag Matkus Kuopio an 17 Deireadh Fómhair 2020; agus aonach tíre Tikkurila an 3 go dtí an 4 Deireadh Fómhair 2020. Ina theannta sin, rinneadh an táirge a mhargú ag Prisma Mikkeli (siopa miondíola) an 3 Bealtaine 2024.

Ar na meáin shóisialta, faightear íomhánna de tháirgí éagsúla a úsáideann an táirge gránaigh ‘Savolainen talkkuna / Savolainen talakkuna’ ach cuardach ar an haischlib #savolainentalkkuna. Chomh maith le húsáidí traidisiúnta, d’aimsigh tomhaltóirí bealaí nua chun an táirge a úsáid, amhail nuair a bhíonn arán agus arán á bhácáil acu. Luaitear Savolainen talkkuna freisin i bhféilire Nollag chumann shráidbhaile Muuruvesi (23 Nollaig 2017), a foilsíodh ar Facebook.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.ruokavirasto.fi/globalassets/elintarvikkeet/elintarvikeala/ainesosat-ja-sisalto/nimisuojatut-tuotteet/savolainen-talkkuna-hakemus.pdf